

Leideanna PhET do Mhúinteoirí

Ionsamhlúchán An Rampa Fórsa agus Gluaisne


Tá an t-ionsamhlúchán athbhreithnithe seo bunaithe ar *An Rampa* ach níl Fuinneamh / Obair san áireamh ann.

Leideanna maidir le rialaitheoirí:

- Táib an Chluiche - bain úsáid as cnaipí na saighead ar an méarchlár chun fórsa a chur ag feidhmiú ar an réad.
- Bí cinnte go mbaineann tú triail as na táib go léir ag barr an ionsamhlúcháin.
- Má bhíonn taispeántas a dhéanamh agat le linn léachta, socraigh taifeach an scáileáin ag 1024x768 i dtreo go líonfaidh an t-ionsamhlúchán an scáileán agus go bhfeicfead go furasta é.
- Bain úsáid as na rialaitheoirí ar bun chun an ghluaisne a **Chuir ar Sos (Pause)**, a **Chéimniú (Step)**, a **Thaifead (Record)**, a **Athsheim (Playback)** nó a **Ghlanadh (Clear)**.



- Is féidir breith ar an líne liath cheartingearach i mód an **Athsheim (Playback)**. Tá sé úsáideach chun cabhrú le gaol a tharraingt idir ghluaiseacht an réada agus na graif.



Nótaí samhaltaithe tábhachtacha / simpliúcháin:

- Fuinneamh Teirmeach - éireoidh an dromchla te de bharr na hoibre a dhéanann an frithchuimilt. *Ní athraíonn* na comhéifeachtaí frithchuimilte nuair a éiríonn an dromchla te.
- Bainfead an fuinneamh teirmeach ach an chnaipe "Glan an Teas" a úsáid. Fad a bhíonn an dromchla fliuch (gorm), íslítear na comhéifeachtaí frithchuimilte go dtí go mbíonn an dromchla tirim arís (donn).
- Má's mian leat fiosrú a dhéanamh ar an iarmhairt a bhíonn ag comhéifeacht na frithchuimilte agus ag an mhaire ar na fórsaí frithchuimilte, bain úsáid as an táb **Frithchuimilt (Friction)** san ionsamhlúchán [Fórsaí agus Gluaisne](#)

Eolas maidir le táib an chluiche:

- Ins an gcluiche, is í an chúis atá leis ná an taithí atá agat ó na táib eile a úsáid chun réada a chur isteach sa teach. Bronntar pointí bunaithe ar úsáid an fhuinnimh.

Léargas ar úsáid / smaointeoireacht an dalta:

- D'fhéadfadh roinnt daltaí iarracht a dhéanamh athruithe a chur i bhfeidhm i mód an **Athsheim (Playback)** agus ansin **Seinn** a bhrú; ní rith an t-ionsamhlúchán go dtí go roghnaítear **Taifead (Record)**.

Moltaí maidir le húsáid an ionsamhlúcháin:

- Dhearmar na hionsamhlúcháin do ghluaisne i dtreo go mbainfí úsáid astu san ord seo a leanas: [An Fear Gluaisteach](#), [Fórsaí agus Gluaisne](#) agus [An Rampa: Fórsaí agus Gluaisne](#). Is leagan níos sine é an t-ionsamhlúchán ar a dtugtar "An Rampa" ach tá graif fuinnimh ann. Tá sé i gceist againn ionsamhlúchán fuinnimh a scríobh chun na haidhmeanna foghlama a bhaint amach).
- Dhá ionsamhlúchán a bhaineann leo seo ná [Imrothlú an Bhóin Dé](#) agus [Gluaisne 2T an Bhóin Dé](#).
- Chun leideanna a fháil maidir le hionsamhlúcháin PhET a úsáid le scoláirí, breathnaigh: [Treoirlínte d'Ionchuir maidir le Fiosrúcháin \(Guidelines for Inquiry Contributions\)](#) agus [Ionsamhlúcháin PhET a úsáid \(Using PhET Sims\)](#).
- Baineadh úsáid rathúil as na hionsamhlúcháin le haghaidh obair bhaile, léachtaí, gníomhaíochtaí ranga agus gníomhaíochtaí saotharlainne. Bain úsáid astu chun réamhrá a thabhairt ar choincheapa, coincheapa nua a fhoghlaim, atreisiú a dhéanamh ar choincheapa nó mar áis amhairc i gcóir léirithe idirghníomhacha. Chun níos mó a léamh, breathnaigh [Fisic a Mhúineadh ag Úsáid Ionsamhlúcháin PhET \(Teaching Physics Using PhET Simulations\)](#).

- Chun teacht ar ghníomhaíochtaí agus ar phleananna ranga atá scríofa ag foireann PhET agus ag múinteoirí eile, breathnaigh [Smaointe agus Gníomhaíochtaí ó Mhúinteoirí \(Teacher Ideas and Activities\)](#)

Scríofa ag Trish Loeblein, Noah Podolofesky
Uasdátú deireannach Meitheamh, 2011